Lá na Cruite
Harp Day

Dé Sathairn 17 Deireadh Fomhair 2026

Áis Scoile

arts council ealaíon funding traditional arts

An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council

Cruit Éireann Harp Ireland

Scéal Chruit Bhriain Bhóraimhe

Fadó, fadó, in Éirinn san aonú haois déag, bhí rí mór le rá ann darbh ainm **Briain Bóroimhe**, nó Brian Ború mar a thugtar air go minic. Deirtear gurbh é an tArd-Rí deireanach ar Éireann é.

Rí chumhachtach ab ea Briain, agus de réir an tseanchais, bhí an-ghean aige ar an gceol agus ar an gcruit. Bhí áit ar leith ag an gcruitire sa tsochaí, agus bhí ceol na cruite an-tábhachtach i saol na ríthe agus na dteaghlach uasal.

De réir an tseanchais, bhí a chruit féin ag Brian Ború an oíche roimh **Chath Chluain Tarbh** sa bhliain 1014.

Ar Aoine an Chéasta, an 23 Aibreán 1014, throid fórsaí Bhriain i gcath in aghaidh fórsaí a raibh rí Laighean agus na Lochlannaigh, a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath, páirteach iontu. Bhuaigh fórsaí Bhriain an cath, ach maraíodh Brian féin tar éis an chatha.

'Sna glúnta a tháinig ina dhiaidh, is minic a shamhlaigh daoine an seanrí agus a chruit le chéile an oíche chorraitheach sin roimh an gcath. Ach tá casadh sa scéal!

Ní fhéadfadh gurbh í an chruit atá againn inniu, ar a dtugtar **Cruit Bhriain Bhóraimhe**, an chruit a bhí ag Brian féin. De ghnáth, meastar gur ón gceathrú nó ón gcúigiú haois déag a tháinig an chruit atá fós againn – na céadta bliain tar éis bhás Bhriain.



Mar sin, cén fáth a dtugtar Cruit Bhriain Bhóraimhe ar an gcruit cháiliúil seo atá le feiceáil inniu i Seomra Fada Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath?

Tá scéal amháin ann a deir gur thaistil mac Bhriain, **Donnchadh**, chun na Róimhe tar éis bhás a athar. Bhí a dheartháir Tadhg maraithe aige, agus ina dhiaidh sin chuaigh sé ar oilithreacht chun maithiúnas a lorg ón bPápa. De réir an tseanchais, thug sé cuid de sheoda agus de shealúchais ríoga a athar leis, lena n-áirítear coróin agus cruit Bhriain Bhóraimhe. Bhronn sé iad ar an bPápa, de réir an scéil. Deirtear gur fhan an chruit sa Róimh ar feadh na gcéadta bliain.

© Cóipcheart CÉHI 2026

Níos déanaí, le linn réimeas Anraí VIII, rí Shasana, deirtear gur tháinig an chruit i seilbh an rí. Ansin, de réir an tseanchais, tugadh í do theaghlach uasal Éireannach darbh ainm na Clanricarde.

George Petrie, a mhair sa naoú haois déag, go raibh baint ar bith ag an gcruit le Brian Ború. Dar leis, ní raibh sa scéal sin ach finscéal a cumadh níos déanaí.

Faoi dheireadh, tháinig an chruit i seilbh mhuintir Mhic Mathúna i gContae an Chláir. Thug siadsan í do Chomhairleoir Mac Conmara i Luimneach. Níos déanaí fós, fuair an tOnórach William Burton Conyngham í, agus sa bhliain 1782 bhronn sé ar **Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath**, í. Tá sí ann ó shin i leith.

Is **cruit Ghaelach le téada sreinge** í an chruit féin. Tá tríocha téad práis uirthi, agus tá a bosca fuaime snoite as adhmad. De réir Choláiste na Tríonóide, is dócha gur sa chúigiú haois déag a rinneadh í. Níor chreid an scoláire

Tá fianaise ann fiú nach gá gur cuid den uirlis bhunaidh ar fad atá againn inniu. Rinneadh í a dheisiú agus a athchóiriú arís agus arís eile le linn a staire fada. Deisíodh í in Ard-Mhúsaem na Breataine, agus ba í Mary Rowland an duine deireanach a sheinn uirthi ansin, sa bhliain 1961.

Ní fios dúinn go fóill cé leis an chruit ar dtús ná cé a rinne í. Tá rúndiamhair ag baint léi go dtí an lá atá inniu ann. Tá cosúlachtaí idir an chruit seo agus cruiteanna Gaelacha meánaoiseacha eile atá fós againn, mar shampla Cruit na Banríona Máire in Albain.

© Cóipcheart CÉHI 2026

Mar sin, is féidir linn a rá gur cuid d'fhéiniúlacht na cruite í an t-ainm **Cruit Bhriain Bhóraimhe**. Is ionann an finscéal agus stair na cruite

Bhí tionchar mór ag cruth sainiúil Chruit Bhriain Bhóraimhe, nó Chruit Choláiste na Tríonóide, ar dhearadh **shiombail náisiúnta na hÉireann — an chruit**. Feictear an tsiombail sin ar dhoiciméid oifigiúla an stáit, ar phasanna, ar shéalaí oifigiúla agus ar bhoinn airgid.

Is í an chruit chéanna, a bheag nó a mhór, a fheictear ar lógó Guinness freisin. Ach má fhéachann tú go géar ar an gcruit ar lógó Guinness, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil sí ag féachaint sa treo eile ón gcruit atá mar shiombail náisiúnta na hÉireann. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar riachtanais trádmhairc.

Léiríonn Cruit Bhriain Bhóraimhe, nó Cruit Choláiste na Tríonóide, traidisiún i bhfad níos sine a bhaineann le ríthe Gaelacha, le filí, le cruitirí agus le ceoltóirí. Nascann sí saol na meánaoiseanna le hÉirinn an lae inniu.

Cé go bhfuil an chruit féin i bhfad ró-óg le bheith ina cruit Bhriain Bhóraimhe, chuidigh an scéal a bhaineann léi le siombail chumhachtach d'fhéiniúlacht na hÉireann a dhéanamh den chruit.

Mar sin, má thugann tú cuairt ar Choláiste na Tríonóide chun **Leabhar Cheanannais** a fheiceáil, ná déan dearmad súil a chaitheamh ar Chruit Bhriain Bhóraimhe freisin. Agus tú ag féachaint uirthi, smaoinigh ar Bhrian Bóraimhe, an rí mór le rá a maraíodh tar éis Chath Chluain Tarbh sa bhliain 1014, agus ar an traidisiún ceoil atá fós beo in Éirinn sa lá atá inniu ann.

B'fhéidir nach í seo cruit Bhriain féin, ach is cinnte go n-insíonn sí scéal iontach faoi cheol, faoi stair agus faoi fhéiniúlacht na hÉireann!

© Cóipcheart CÉHI 2026

An Dagda agus a Chruit Dhraíochta

Fadó, i laethanta na seanchais, sula raibh na bailte agus na cathracha mar atá siad inniu, bhíodh scéalta á n-insint ag muintir na hÉireann faoi chine mistéireach agus cumhachtach darb ainm ***Tuatha Dé Danann***.

Deirtí gur cine laochra, filí, ceardaithe agus daoine draíochta a bhí iontu, agus gur mhair siad in Éirinn in aimsir nuair nach raibh an teorainn idir saol na ndaoine agus an Saol Eile chomh soiléir agus atá sí dúinn inniu.

Bhí fear amháin ina measc a bhí thar a bheith suntasach. An Dagda ab ainm dó. Ní fear beag ná lag a bhí sa Dagda. Bhí sé ollmhór. Bhí sé an-láidir, ina ghaiscíoch cumhachtach agus ina cheannaire ar a mhuintir.

Ach insítear sna seanscéalta nach raibh a chumhacht bunaithe ar neart amháin. Bhí eagna aige. Agus bhí rud eile aige a raibh an-tábhacht leis i saol lucht seanchais na hÉireann: An ceol.

Óir ba chruitire é an Dagda. Bhí cruit aige nach raibh a macasamhail le fáil in áit ar bith eile. ***Uaithne*** ab ainm di. Ní gnáth-chruit a bhí in Uaithne. Ba chruit dhraíochta í, agus deirtear sna scéalta go raibh a toil féin aici. Ba leis an Dagda í. Rud níos tábhachtaí fós, d'aithin sí é. Ní sheinnfeadh sí díreach d'aon duine a thógfadh suas í. Bhí aithne aici ar a máistir.

Ach ba é an rud ba shuntasaí faoi Uaithne ná cumhacht an cheoil a tháinig óna téada. D'fhéadfadh an Dagda tiúin éagsúla a sheinm uirthi, agus bhí tionchar éagsúil ag gach tiúin ar na daoine a chloisidís é. D'fhéadfadh tiúin amháin gáire a bhaint as daoine. D'fhéadfadh tiúin eile iad a chur ag caoineadh. Agus d'fhéadfadh tiúin eile codladh domhain suaimhneach a chur orthu. Smaoinigh air sin – samhlaigh siúl isteach i halla mór lán laochra, agus

© Cóipcheart CÉHI 2026

ceol a chloisteáil a chuireann iachall ar gach duine gáire a dhéanamh go tobann.

Ansin samhlaigh an ceol ag athrú...agus an gáire ag imeacht ... go dtí go mbeadh brón ar gach duine sa seomra. Agus ansin samhlaigh séis dheiridh, bog agus ciúin, go dtí go mbraithfeadh na laochra a súile ag éirí trom agus go dtitfidís ina gcodladh, duine i ndiaidh a chéile. Sin an chumhacht a bhí ag cruit an Dagda.



Lá amháin, le linn catha mhóir idir Tuatha Dé Danann agus a gcuid naimhde, na Fomóraigh, tharla rud uafásach. Rug na naimhde uirthi agus thug siad leo í. Thug siad ar ais í go dtí a ndún agus chuir siad i bhfolach ann í, agus shíl siad go raibh rud luachmhar agus cumhachtach gafa acu.

B'fhéidir gur cheap siad go raibh a cumhacht gafa acu chomh maith. Ach bhí rud tábhachtach amháin míthuigthe acu. Ní gnáth-cruit a bhí in Uaithne. Ní sheinnfeadh sí d'aon duine a theastódh uaidh í a sheinnt.

Nuair a fuair an Dagda amach cad a tharla, d'imigh sé sa tóir uirthi ar luas lasrach. Thaistil sé lena bheirt chomrádaithe go dtí gur shroich siad an dún ina raibh an chruit i bhfolach ann. Bhí an dún cosanta. Bhí na doirse faoi fhaire. Bhí laochra timpeall na háite.

D'fhéadfadh an Dagda a chruit a éileamh ar ais. D'fhéadfadh sé iarracht a dhéanamh a bhealach a dhéanamh isteach le hionsaí mhór ghroí.

Ach ní hamháin go raibh neart sa Dagda. Bhí sé glic freisin. Agus uaireanta bíonn an eagna níos úsáidí ná an neart. Mar sin sheas an Dagda taobh amuigh den dúin. Agus ghlaoigh sé: "A Uaithne!"
Níor tharla tada.
Ghlaoigh sé arís:
"A Uaithne, tar chugam!"
Agus ansin — ***WHOOSH!***
Tháinig an chruit draíochta ag eitilt amach as an dún. Sheol sí tríd an aer díreach i dtreo an Dagda ... agus isteach ina lámha sínte.

Bhí Uaithne ar ais ag an Dagda anois. Agus bhí a fhios aige go díreach cad ba cheart dó a dhéanamh. Leag sé a mhéaracha ar na sreanganna agus thosaigh sé ag seinnt. Ba é an chéad tiúin ***An Geantraí*** nó Tiúin an Gháire. Agus go tobann thosaigh na laochra ag gáire. Bhí an oiread sin gáire orthu nach raibh siad in ann seasamh suas i gceart fiú. Na fir a bhí réidh le dul chun catha, ní raibh siad in ann smaoineamh ar throid níos mó. Ní raibh de chumas acu ach gáire.

Ansin d'athraigh an Dagda an ceol. Sheinn sé ***An Goltraí*** ná Tiúin an Bhróin. Agus d'imigh an gáire. D'éirigh na laochra ciúin. Thosaigh siad ag

© Cóipcheart CÉHI 2026

caoineadh. Mheabhraigh an ceol dóibh na daoine a bhí caillte acu, na seanbhrónna a bhí ina gcroí, agus na rudaí sin go léir sa saol nach féidir linn a choinneáil go deo.

Ansin sheinn an Dagda an tríú tiúin; ***An Suantraí*** ná Tiúin an Chodlaidh. Go mall … thosaigh tuirse ag teacht ar na laochra. D'éirigh a súile trom. Thosaigh a gcinn ag cromadh. Agus duine i ndiaidh a chéile, thit siad ina sámhchodladh.

Agus fad a bhí siad ina gcodladh, d'éalaigh an Dagda agus a chomrádaithe, agus Uaithne acu slán sábháilte. Bhí an chruit draíochta tagtha ar ais chuig a máistir.

Anois, agus an scéal seo á chloisteáil againn inniu, b'fhéidir go gcuirfimid ceist orainn féin: Cén fáth ar thug lucht seanchais na hÉireann na cumhachtaí iontacha seo do chruit?
B'fhéidir gurb é an freagra simplí ná go raibh rud an-tábhachtach ar eolas acu. Bhí a fhios acu go bhféadfadh an ceol rud iontach a dhéanamh:
Chuirfeadh fonn bríomhar fonn damhsa orainn. D'fhéadfadh amhrán brónach deora a bhaint as ár súile. Agus d'fhéadfadh ceol ciúin muid a chur ar ár suaimhneas.

Mar sin, b'fhéidir nach raibh fíordhraíocht Uaithne suite i ngeasaí ná i mbriathra draíochta. B'fhéidir go raibh an draíocht níos doimhne ná sin. B'fhéidir gurbh é an ceol féin a bhí sa draíocht.

Bhí an-chion ag muintir na hÉireann ar an gcruit sna seanlaethenta.
D'fhéadfadh sí scéalta a iompar.
D'fhéadfadh sí cuimhní a chaomhnú.
D'fhéadfadh sí mothúcháin a chur in iúl nach féidir le focail a chur in iúl i gcónaí.
Agus d'fhéadfadh sí daoine a thabhairt le chéile.

Sin an fáth, b'fhéidir, gur mhair scéal an Dagda agus Uaithne agus gur leanadh lena insint. Tá smaoineamh sa seanscéal seo atá fós fíor dúinn inniu: Tá cumhacht ag an gceol muid a bhogadh. Féadann sé gáire a bhaint asainn. Féadann sé rud éigin a thabhairt chun cuimhne dúinn. Féadann sé muid a chur ag caoineadh. Féadann sé muid a chur ag brionglóid. Agus uaireanta, má éisteann muid sách géar, féadann sé cur ina luí orainn gur cuid de rud éigin i bhfad níos sine agus i bhfad níos mó ná muid féin.

Mar sin, an chéad uair eile a chloiseann tú cruit á seinnt, dún do shúile ar feadh nóiméid. Samhlaigh an Dagda os do chomhair, a chruit darb ainm Uaithne ina lámha aige. Samhlaigh an chéad nóta ag éirí san aer…
agus cuir an cheist seo ort féin:
Cén draíocht atá sa cheol seo?

© Cóipcheart CÉHI 2026

Geantraí

Lá na Cruite
Harp Day

arts council funding traditional arts

© Cóipcheart CÉHI 2026

Goltraí

Lá na Cruite
Harp Day



© Cóipcheart CÉHI 2026

Suantraí

Lá na Cruite
Harp Day

© Cóipcheart CÉHI 2026

An Dagda agus a Chruit Dhraíochta

Éist leis an scéal



https://www.harpireland.ie/dagda-uaithne-gaeilge/

Scéalaí: **Nuala Hayes**
Ball de Scéim Scoile ag Éigse Éireann

Ceol: **Tríona Marshall** agus **Cormac de Barra**

© Copyright CÉHI 2026

Crosfhocal

Lá na Cruite Harp Day

Dé Sathairn 17 Deireadh Fomhair 2026



Trasna

4. Ba cheannaire é an Dagda ar an _____ Dé Danann (6)
6. Uirlis draíochta a sheinn an Dagda (5)
7. Nuair a sheinn an Dagda an Goltraí, chuir sé _____ ar na laochra (4)
8. Tiúin a chuir na laochra a chodladh (8)
9. Ainm na cruite draíochta (7)

Thíos

1. Bhí -------- speisialta ag cruit an Dagda (10)
2. Tiúin a chuir gáire ar na laochra (8)
3. Ní amháin go raibh neart ag an Dagda, bhí _____ aige freisin (5)
5. Cine naimhde a ghoid an chruit (9)

© Cóipcheart CÉHI 2026

Freagraí

Lá na Cruite
Harp Day
Dé Sathairn 17 Deireadh Fomhair 2026



© Cóipcheart CÉHI 2026

An Chruit Éireannach
Siombal Náisiúnta na hÉireann

Tá an chruit le cloisteáil in Éirinn le breis is 1,000 bliain. Feictear í ar na seanchrosa cloiche, agus í múnlaithe mar thriantán le sreanga práis. Tógadh le saileach í - adhmad dúchasach na hÉireann, sna seanlaethenta. Ba ghnáth go mbíodh cruitire agus file ag gach Ard-Rí agus Taoiseach in Éirinn, agus is minic gur chumadh ceol agus filíocht ina n-onóir. Sheinneadh an cruitire ceol na cruite mar thionlacán le filíocht na mbard. De réir mar a thuigimid, ba iad na fir a bhíodh i mbun ceol na cruite don chuid is mó.

Íomhánna na hÉireann, John Derricke, 1581

Bhí cumhachtaí draíochta ag ceol na cruite in Éirinn fadó. De réir na bhfinnscéalta, thiteadh daoine ina gcodladh nuair a chuala siad an suantraí, (ceol mall suaimhneach). Thágadh brón orthu le linn ceol na caointe agus bhíodh gliondar ar a gcroíthe agus fonn rince orthu agus an geantraí á sheinnt ag an gcruitire. Tá ról ar leith ag an gcruit i measc an phobail in Éirinn agus í mar suaitheantais náisiúnta na tíre.Úsáidtear í ar ár gcuid airgid, ar litreacha an rialtais, agus ar chulaith na nGardaí agus an airm.

Breac Maodhóg – An íomhá is sine de chruit in Eirinn -on 10ú nó 11ú haois

Sa bhliain 1792, bhí laghdú mhór tagtha ar an gcruitireacht in Éirinn agus d'eagraigh grúpa daoine féile chruitireachta i mBéal Feirste. An sprioc a bhí ag an bhféile ná ceol na cruite a shábháil agus a chaomhnú.

D'fhreastal deichniúr gcruitirí Éireannach, agus cruitire amháin ón Bhreatain Bheag ar an bhféile agus sheinn siad an ceol ab ansa leo.

Ba é **Denis Hempson** an cruitire is sine ag an bhféile - bhí se 97 bliain d'aois agus ní bhfuair sé bás go dtí go raibh sé 112 bliain d'aois! Bhain sé úsáid as na hingne agus é ag seinm in áit na méar. Ba é **William Carr** an cruitire is óige ag an bhféile; bhí sé

© Cóipcheart CÉHI 2026

15 bliain d'aois, agus ní raibh ach bean amháin ann, **Rose Mooney**. Tháinig cruitire amháin ón Bhreatain Bheag agus bádh é ar a bhealach ar ais.

Ní raibh **Edward Bunting**, orgánaí óg ó Chontae Ard Mhacha ach 19 bliain d'aois nuair a tugadh cuireadh dó freastal ar an bhféile cruitireachta i mBéal Feirste agus ceol na gcruitirí a bhreacadh síos. Bhailigh sé cuid mhór eolais ó na cruitirí ar fad, chomh maith lena gcuid ceoil. Tar éis na féile, thaistil sé fud fad Cúige Uladh agus chomh fada le Contae Mhaigh Eo ag bailiú ceoil agus amhrán ó chruitirí agus ó cheoltóirí.

D'fhoilsigh Edward Bunting na foinn uilig i dtrí imleabhair ceoil *The Ancient Music of Ireland* sna blianta 1796, 1809 agus 1840. Bhog sé chuig Baile Átha Cliath, an áit a raibh cónaí air lena bhean chéile agus a theaglagh ar Shráid Bhagóid. Sheinn sé ar an orgáin in eaglaisí

Edward Bunting (ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Sliocht as leabhair nótaí Bunting atá in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Sa bhlian 1792 bhí orthu na nótaí a scriobh síos mar ní raibh aon ghléas acu chun an ceol a thaifead.

éagsúla, mar shampla, Eaglais Naomh Stiofáin (The Pepper Canister) i mBaile Átha Cliath. Tá sé curtha i Reilg Mount Jerome, i mBaile Átha Cliath.

Sá lá atá inniu ann, tógtar cruiteanna le hadhmad mailpe, silín agus gallchnó agus de ghnáth bíonn 34 sreanga caoláin, níolón nó carbóin uirthi. Tá suim mhór ag daoine in athbheochan an tseantraidisiúin leis na hingne agus sreanga práis, dár ndóigh. Tá timpeall 15 daoine a thógann cruiteanna in Éirinn faoi láthair, agus is iadsan a thógann cruiteanna do dhaoine fud fad an domhain. Ina theannta sin, tá na céadta daoine óga ag foghlaim ceol na cruite in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ta cruitireacht na hÉireann aitheanta ar liosta UNESCO, tá sí ag dul ó neart go neart le borradh agus fás uirthi anseo in Éirinn agus fud fad an domhain.

© Cóipcheart CÉHI 2026

Turlough Ó Cearbhalláin: A Bheatha

Rugadh Turlough Ó Cearbhalláin sa bhliain 1670 i sráidbhaile beag darbh ainm An Obair i gContae na Mí in oirthear na hÉireann. Bhí a theaghlach bocht, ach ba bhreá leo a bheith ag ceiliúradh, ag canadh, agus ag rince le chéile. Nuair a bhí Turlough óg, bhog a theaghlach go Contae Ros Comáin, agus chaith sé a óige ansin. Nuair a bhí sé 18 bliain d'aois, tharla rud éigin uafásach – tháinig an bholgach air, galar a bhí an-choitianta ag an am. Cé gur tháinig sé slán as, chaill sé radharc na súl, agus bhí sé dall ó shin amach. Is cinnte go raibh sé croíbhriste, agus imní air faoi céard a bhí ndán dó.

Dealbh de Thurlough Ó Cearbhalláin i gCo. Liatroma

Ach ní raibh Turlough ina aonar. Chuir bean chineálta ó theaghlach saibhir, **Mrs. MacDermott Roe**, aithne air agus bhí sí ag iarraidh cuidiú leis. Thosaigh sé ag foghlaim na cruite agus cé go raibh sé dall, d'fhéadfadh sé na foinn álainn a chloisteáil ina chroí. Tar éis dó trí bliana a chaitheamh ag foghlaim, ní hamhháin go raibh sé ábalta ceol na cruite a sheinm –

Ceaptar gur le Turlough Ó Cearbhalláin an chruit seo ón 17ú aois (Ard-Mhusaem na hÉireann)

bhí sé ag cumadh ceoil chomh maith! Ba é *Sí Bheag, Sí Mhór* an chéad phíosa cheoil a chum sé. Bhí sé bunaithe ar fhinnscéal faoi dhá chnoc ina raibh síoga draíochta ina gcónaí ann. De réir an fhinnscéil, bhí cath mhór idir na síoga ar na cnoic, agus insíonn ceol *Sí Bheag, Sí Mhór* scéal a gcatha draíochta. Tá an t-amhrán séimh agus draíochtúil, díreach cosúil leis na síoga féin.

© Cóipcheart CÉHI 2026

Carolan, the Irish Bard, James Christopher Timbrell, 1844. (© The O'Brien Collection)

Ba ghnáth go mbíodh Turlough ag taisteal lena chruit, ag marcaíocht timpeall na tíre ar a chapall lena threoraí ag cabhrú leis, agus a chruit ar a dhroim aige. Chuaigh sé chuig caisleáin, tithe móra agus beaga, agus é ag ardú croí na ndaoine lena chuid cheoil. Cé go bhfuil clú agus cáil ar cheol Uí Chearbhalláin, tá a Concerto ar cheann de na píosaí ceoil is cáiliúla a chum sé. De réir an scéil, bhuail Carolan le veidhleadóir cáiliúl, **Francesco Geminiani** ón Iodáil i mBaile Átha Cliath, agus sheinn Geminiani píosa ceoil álainn. Spreag ceol Geminiani Turlough agus dúirt sé "Sílim go bhféadfainn féin rud éigin chomh maith sin a scríobh!" Agus chum sé píosa spleodrach, sona *Concerto Uí Chearbhalláin*.

Turlough Ó Cearbhalláin, (Francis Bindon c.1720 © Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

Níos moille ina shaol, scríobh Carolan píosa an-speisialta darbh ainm *Slán leis an gCeol*. Faoin am seo, bhí a fhios ag Carolan go raibh deireadh ag teacht lena shaol agus is dócha gur chum sé an

Leathanach as leabhair nótaí Edward Bunting a bhfuil tagairt d'ainm Carolan ann. Scríobhadh iad seo c. 1792.

Ní raibh aon bhealach acu ceol a thaifeadadh i 1792 mar atá inniu. Scríobh Bunting síos na nótaí ceoil agus é ag éisteacht leis na gcruitirí. Dá bharr sin tá ceol Uí Chearbhalláin againn inniu. Tá a leabhair nótaí i dtaisce in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

© Cóipcheart CÉHI 2026

píosa seo chun slán a rá leis an gceol ina raibh a chrói istigh ann.

Chum Turlough Ó Cearbhalláin os cionn 200 píosa ceoil i rith a shaoil. Tá a chuid ceoil chomh hálainn gur minic a sheinntear é ag cruitirí agus ag ceoltóirí eile sa lá atá inniu ann. Tá sé lán le háthas, brón, grá, agus gáire. Scríobh sé píosaí agus daoine ag pósadh, ag ceiliúradh laethanta breithe, agus fiú do chairde ar leith a bhí aige.

Bhí saol fada sona aige agus é ag taisteal, ag seinm, agus ag cumadh ceoil cruite go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 1738. Inniu, tá sé ar cheann de na ceoltóirí is cáiliúla in Éirinn. Is minic a chloistear a cheol ag féilte, i hallaí ceolchoirme, agus ag ceoltóirí ar fud an domhain.

Dá bharr sin, an chéad uair eile a chloiseann tú fuaim bhinn na cruite, smaoinigh ar Thurlough Ó Cearbhalláin, a d'fhág ina dhiaidh oidhreacht luachmhar ceoil do chruitirí ar fud na cruinne.

Séamus Ó Flatharta

Lisa Canny

© Cóipcheart CÉHI 2026

Lá na Cruite Harp Day

Dé Sathairn 17 Deireadh Fomhair 2026

Moya Brennan and Cormac de Barra

Máire Ní Chathasaigh

Catríona Cannon and Kathleen Loughnane

Gemma Doherty, Saint Sister

Maeve Gilchrist, Harp Day 2020

Gráinne Hambly

arts council ealaíon funding traditional arts

© Cóipcheart CÉHI 2026

Lá na Cruite Harp Day

Dé Sathairn 17 Deireadh Fomhair 2026

Brídín

Éadaoin Ní Mhaicín

Alannah Thornburgh

Michael Rooney

Laoise Kelly



Oisín Morrison

arts council funding traditional arts

© Cóipcheart CÉHI 2026

Tráth na gCeist

1. Cé a bhailigh seancheol na cruite ó chruitirí i mBéal Feirste?
2. Cén t-ainm a bhí ar an gcéad phíosa ceoil a chum Ó Cearbhalláin?
3. Ainmnigh an t-aon bhean a d'fhreastal ar Fhéile Cruitirí Bhéal Feirste
4. Cá raibh Bunting ina chónaí sular bhog sé chuig Baile Átha Cliath?
5. Cad é an focal Béarla ar **shuantraí**?
6. Cén galar a bhí ar Ó Cearbhalláin nuair a chaill sé radharc na súl?
7. Cá bhfuil Bunting curtha?
8. Cén eagraíocht idirnáisiúnta a thug aitheantas do chruitireacht na hÉireann?
9. Cé mhéad píosa ceoil a chum Ó Cearbhalláin i rith a shaoil?
10. Ainmnigh cruitire cáiliúil an lae inniu.

Freagraí

1. Edward Bunting 2. Sí Bheag, Sí Mhór 3. Rose Mooney
4. Ard Mhacha 5. Lullaby 6. Bolgach 7. Relig Mount Jerome i mBaile Átha Cliath
8. UNESCO 9. Breis is 200 10. Duine ar bith atá luaite thuas

© Cóipcheart CÉHI 2026

Éist leo seo

Lisa Canny | 'Helvic Head' Harp Sessions at the Sugar Club
Recorded for CÉHI at the Sugar Club

Séamus & Caoimhe Uí Fhlatharta 'Molly na gCuach Ní Chuilleanáin'
Recorded for CÉHI at the RIAM Whyte Hall

Maeve Gilchrist and The Harp Ireland Ensemble 'Four Hundred Fingers'
Recorded for CÉHI at the RIAM Whyte Hall

© Cóipcheart CÉHI 2026